AN LUAN

Saol Iomlán Lántairbhe a Chaitheamh in Éineacht le Dia

23 EANÁIR – 30 EANÁIR 2022

‘Tháinig mise chun go mbeadh an bheatha acu agus go mbeadh sí acu go fial.’

(Eoin 10:10)

Intinn Fhoghlama:
Pléifidh na daltaí íomhánna Dé agus déanfaidh siad an méid ama a chaitheann siad ar ábhar spioradálta a mheas.

Critéir Ratha:
Beidh ar chumas na ndaltaí íomhánna éagsúla Dé atá sa chultúr coiteann agus sa Bhíobla a aithint.
Beidh ar chumas na ndaltaí anailís a dhéanamh ar íomhánna éagsúla Dé.
Beidh ar chumas na ndaltaí an méid ama a chaitheann siad féin ag tabhairt aire don intinn, don chorp agus don spiorad, a rá.

Eochairfhocail:
Íomhánna Dé, Creideamh, Caidreamh, Muinín, Tríonóid, An Sean-Tiomna, An Tiomna Nua, Dún, Dia, Grá, Urnaí, Sáraoire, Athair, Máthair, Dóchas, Foghlaim.

Íomhá ó *The Simpsons*,
‘Buíochas le Dia gur Lá an Luain atá ann.’

Cé atá le sonrú san íomhá?

Cad as ar tháinig an íomhá?

Cén fáth nach bhfuil aghaidh ar an seanduine?

Muileata a Naoi:

Cad as a dtagann íomhánna Dé, agus cúrsaí creidimh na ndaoine? Déan iarracht i bpéirí nó i ngrúpaí beaga, rangú a dhéanamh ar na tionchair thíosluaite i bhfoirm 'Muileata a Naoi'. Cuir an fhoinse is tábhachtaí ar barr, agus scríobh na foinsí eile síos in ord tábhachta, leis an gceann is lú tábhachta ar bun.

- An Pobal
- An Eaglais
- An Teaghlach Sínte (m.sh. seantuismitheoirí)
- Scannáin agus na meáin traidisiúnta
- Na Cairde
- Na Garghaolta
- An Duine Féin
- An Scoil
- Na Meáin Shóisialta



Ceistneoir/Díospóireacht Siúil:
Líon an ceistneoir thíos maidir leis an íomhá phearsanta atá ag daoine faoi Dhia.

Má bhíonn go leor spáis ann, agus ag glacadh leis na rialacha sláinte, bíodh 'díospóireacht siúil' agaibh. Ainmnigh taobh amháin den seomra go hiomlán ar son na hargóinte, an taobh eile den seomra go hiomlán in aghaidh na hargóinte, agus an lár mar áit do na daoine nach bhfuil a n-intinní déanta suas acu go fóill faoin argóint. Ba cheart do na daltaí seasamh san áit is mó a léiríonn an dearcadh atá acu i leith na hargóinte.

D'fhéadfadh daltaí áirithe íomhánna éagsúla Dé a mholadh, agus d'fhéadfadh na daltaí eile seasamh san áit chuí le haontú nó le heasaontú leis na smaointe sin.

	Aontaím go hiomlán	Aontaím ach ar éigean	Ní Fheadar/ Neodrach	Easaontaím ach ar éigean	Easaontaím go hiomlán
Is é Dia an grá foirfe.					
Ba smaoineamh tráth é Dia le cruthú an domhain a mhíniú ach níl feidhm leis anois toisc go míníonn an eolaíocht an uile rud.					
Is é Dia an cruthaitheoir, ach ní chuireann sé a ladhar isteach go pearsanta i saol na ndaoine.					
Tríonóid é Dia – Athair, Mac agus Spiorad Naomh.					
Is í Dia ár Máthair.					
Tá an méid sin grá ag Dia dúinn go bhfuair sé bás ar ár son.					
Bíonn Dia de réir an dealramh atá agat féin de.					
Is cumhacht nó fuinneamh spioradálta é Dia.					

Plé:
An dtagann aon chuid de na sainmhínithe faoi Dhia atá ar an leathanach thuas salach ar a chéile? An féidir le Dia mar shampla, a bheith ina athair agus ina mháthair dúinn?

An bhféadfadh Dia a bheith de réir an dealramh atá agat féin de, agus a bheith mar Thríonóid?

Síneadh:
Déan pictiúr, déan breacaireacht, nó déan cur síos ar Dhia nó ar neach spioradálta i d'fhocail féin.

Tráth Litearthachta:
Tá iliomad íomhánna de Dhia le sonrú sa Bhíobla, cuid acu as an ngnáth. Faigh na sleachta thíosluaite sa Bhíobla, agus scríobh cúpla abairt mar gheall ar na híomhánna éagsúla Dé atá le sonrú i ngach aon cheann acu.

Íseáia 49:14–15

2 Samúéil 22 – Laoi Dháiví

Eoin 10:11–15

Má bhíonn intinn, corp agus spiorad (nó anam) ionainn, cén céatadán de do chuid ama a chaitheann tusa ar aire a thabhairt do na gnéithe éagsúla sin de do bheatha?

- An ceart duit breis aire agus ama a thabhairt d'aon ghné ar leith?
- Ainmnigh trí rudaí praiticiúla a dhéanfá le do bheatha spioradálta a fheabhsú (m.sh. breis urnaí).

Gníomhaíochtaí a chothaíonn mo...	Gníomhaíochtaí a chothaíonn an ghné seo... (tabhair do chuid samplaí féin)	Gníomhaíochtaí a chothaíonn an ghné seo... (tabhair samplaí de dhaoine eile)	An céatadán ama a thugann tú do na gníomhaíochtaí	An céatadán ama ar mhaith leat a thabhairt do na gníomhaíochtaí
Intinn	Léamh			
Corp	Corpoideachas			
Spiorad	Urnaí			